



Ciorclán L1(DPI)01-2019

24 Iúil 2019

**Le haghaidh gach:**

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Stiúrthóir Seirbhísí (Freagrach as Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthair ag Forbróirí).

**M.I.: Eastáit Thithíochta ina bhfuil Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí – Tairiscintí Cistithe le haghaidh Clár Réitigh Ilbhliantúil d'Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí 2019-2021**

Táim ag scríobh chugat chun na socruithe cistithe a chur in iúl duit, do 2019 agus amach anseo, maidir leis an Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthair ag Forbróirí (Developer Provided Infrastructure, DPI) in eastáit thithíochta nár tógadh i gcúram.

Tá clár cistithe ilbhliantúil nua – an Clár Réitigh Ilbhliantúil d'Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí 2019-2021 – á thabhairt isteach chun réiteach forásach, inmharthana a éascú do na heastáit seo ina bhfuil infreastruchtúr seirbhísí uisce arna soláthar ag forbróirí, agus iad a thógáil i gcúram.

Is í aidhm an Chiorcláin seo ná tairiscintí cistithe a lorg le haghaidh réitigh inmharthana ar na saincheisteanna oidhreachta DPI sna heastáit thithíochta seo don tréimhse 2019-2021. Cuirfidh an clár cistithe nua seo leis an gclár píolótach a bhí ann i seacht n-údarás áitiúil in 2016-2017, a tharla faoin Tionscnamh Náisiúnta Tóg i gCúram (National Taking in Charge Initiative, NTICI) agus mar atá leagtha amach sa tuarascáil<sup>1</sup> a foilsíodh i mí na Nollag 2018.

Tugtar cuireadh anois do gach údarás áitiúil ag a bhfuil eastáit oidhreachta DPI acu, tairiscint a chur isteach, ar bhonn tosaíochta, le haghaidh cúnamh cistithe maidir leis na tionscadail atá molta acu.

---

<sup>1</sup> Tá an tuarascáil le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag an nasc seo:  
<https://www.housing.gov.ie/planning/other/taking-charge-housing-estates/national-taking-charge-initiative-report-2018>





Cuireann an doiciméad creata ceangailte (Aguisín A) – Creat don Chlár Réitigh Ilbhliantúil d’Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí 2019-2021 – faisnéis ar fáil i dtaca leis an gclár cistithe ilbhliantúil. Go háirithe, soláthraíonn an Creat treoir d’údaráis áitiúla maidir le scóip agus fócas an chlár nua chun tairiscintí do thionscadail a thabhairt chun críche faoin gcéad sraith den chlár cistithe ilbhliantúil 2019 – 2021. Tá teimpléad chun na tairiscintí a chomhlánú ar fáil ag Aguisín B.

**Ba chóir an t-iarratas comhlánaithe, ag baint úsáide as an Teimpléad in Aguisín B, a chur ar ais go dtí an Roinn chomh luath agus is féidir agus roimh am scoir gnó ar Dé Céadaoin 18 Meán Fómhair 2019.**

### **Clár Réitigh Ilbhliantúil d’Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí 2019-2021**

Ag eascairt ón moladh sa tuarascáil NTICI, tá an Roinn ag cur i bhfeidhm anois cistiú ilbhliantúil don tréimhse 2019-2021 chun réiteach inmharthana ar bhonn tosaíochta don DPI oidhreachta sna heastáit seo a chistiú.

Tá foráil déanta i leith cistithe don chéad chlár ilbhliantúil don tréimhse 2019-2021 faoi Tionscadal Éire 2040 – an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027<sup>2</sup> chun réiteach forásach a fháil ar DPI sna heastáit seo. Leis an gcistiú seo, beifear ábalta aistriú ón gcéim taispeána/píolótach den chomhpháirt DPI den NTICI, go dtí clár ilbhliantúil chun réiteach a fháil ar DPI sna heastáit seo, i gcomhar le húdaráis áitiúla agus Uisce Éireann.

Sa tábla thíos leagtar amach an méadú céimneach ar chistiú ón Roinn seo, faoin gclár nua don tréimhse 2019-2021.

<b>2019</b>	<b>2020</b>	<b>2021</b>
€ 6 milliún	€10 milliún	€12 milliún

Beidh an cistiú ón Roinn teoranta ar ranníocaíocht nó comhmaoinithe i dtreo an chistithe iomlán a bheidh riachtanach chun réiteach inmharthana a sholáthar don saincheist DPI in eastáit

<sup>2</sup> Féach an nasc a leanas: <http://www.gov.ie/en/project-ireland-2040/>



chónaithe. Tá an Roinn ag súil go bhfaighfidh na húdaráis áitiúla cistiú breise ó fhoinsí éagsúla eile: ón bhforbróir, ón soláthróir bannaí, ón leachtaitheoir (más cuí), ón údarás áitiúil é fein, trí shineirgí le Uisce Éireann (tríd an clár Infheistíochta Caipitil 2017-2021) nó aon fhoinsí eile atá ar fáil chun na saincheistanna DPI a réiteach go forásach.

Beidh gá ag na húdaráis áitiúla foinsí ionchasacha éagsúla a uasmhéadú agus a úsáid chun an clár seanbhunaithe maidir le tógáil i gcúram a chur chun cinn. Tabharfar tús áite do mholtaí a úsáideann an cur chuige seo. D'éirigh go han-mhaith le múnla gearála den chineál seo maidir le réiteach a sholáthar do líon suntasach d'eastáit thithíochta neamhchríochnaithe (agus le déanaí faoi na cláir thaispeána/phíolótacha den NTICI) agus bhí caiteachas measartha i gceist don Státchiste agus don údarás áitiúil.

Níl an cistiú a bhailítear le húsáid chun bóithre, cosáin, soilsiú poiblí ná spásanna oscailte a fheabhsú chun go mbeidh siad ar an gcaidhdeán go bhféadfaí iad a thógáil i gcúram. Beidh ar an údarás áitiúil réiteach maidir leis na seirbhísí easnamhacha seo a aimsiú ar an ngnáthbhealach.

Tá sé mar aidhm ag an gclár ilbhliantúil nua don tréimhse 2019-2021 réiteach inmharthana a éascú maidir leis an saincheist oidhreachta DPI sna heastáit seo, ag tógáil ar an méid a foghlamaíodh sna tionscadail taispeán/píolótacha den NTICI in 2016/2017.

### **Cuireadh chun Tairiscintí Cistithe a chur isteach**

Tugtar cuireadh do na húdaráis áitiúla tograí a chur isteach i leith réitigh inmharthana d'eastáit chónaithe DPI, a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus is fearr a chomhlíonann na ceitéir roghnaithe leagtha amach sa Chreat. Meabhraítear d'údaráis áitiúla gur sraith cistithe trí bliana é seo agus go leithdháiltear cistiú thar an tréimhse 2019-2021. Ba chóir d'údaráis áitiúla a gcuid tograí a ullmhú agus a dhéanamh ar bhonn tosaíochta dá réir sin.

Ní mór do thograí faoi gach catagóir dóthain faisnéise tacaíochta a bheith acu chun go léireofaí conas a chomhlíonann gach togra na critéir incháilitheachta. Déanfar tograí ó údaráis áitiúla a rangú bunaithe ar cháilíocht na faisnéise a chuirfear ar fáil.



Ba chóir a chur in iúl san aighneacht má tá aon bhcaic ann maidir le tús tráthúil a chur leis an obair nuair a faomhtar í. Ba chóir go mbeadh na costais mheasta bunaithe ar rátaí reatha agus réadúla don saothar agus do na hábhair.

Tabharfar tús áite do thionscadal ar féidir iad a chur chun cinn agus a thabhairt chun críche chomh luath agus is féidir sa chlár, agus a sholáthraíonn luach ar airgead, réiteach inmharthana agus cinnteacht go mbeidh Uisce Éireann freagrach as na hacmhainní san eastáit (trí iad a thabhairt suas go dtí an bunchaighdeán is gá chun iad a áireamh sa phróiseas tógála i gcúram).

I gcás na dtairiscintí atá molta, ba chóir d'údaráis áitiúla sineirgí a optamú le clár infheistíochta Uisce Éireann chun bheith cinnte gur féidir nasc a dhéanamh le líonra Uisce Éireann, e.g. go bhfuil acmhainneacht chúltaca ag líonra Uisce Éireann agus ag áiseanna cóireála faoi láthair, chun doirteadh eisiltigh a ghlacadh ón eastát. Ba chóir d'údaráis áitiúla a gcuid tairiscintí a chomhordú le hUisce Éireann thar an tréimhse 2019-2021.

### **Staidéar ar Réiteach Optamach**

Ba mhaith leis an Roinn freisin an deis seo a úsáid chun údaráis áitiúla a chur ar an eolas maidir le staidéar tábhachtach ar eastáit DPI a rinne Uisce Éireann. Mar atá molta sa Tuarascáil NTICI, tá staidéar eile le déanamh ag Uisce Éireann – agus iad ag cabhrú eolas a dhéanamh do pholasaí – thar ceann na Roinne, chun réiteach dearfach a aimsiú do na saincheistanna a bhaineann le DPI. Tríd an staidéar, deimhneoidh Uisce Éireann, le tacaíocht ó na húdaráis áitiúla, costais mionsonraithe le haghaidh réitigh ar láithreáin faoi leith chun é sin a úsáid i bpleanáil cláir DPI amach anseo.

Úsáidfear na hiniúchtaí costais níos mionsonraithe seo mar bhonn don réiteach ar DPI, chun an réiteach is fearr a fháil chun go bhfeidhmeoidh siad agus go gcothabháiltear iad go brách, agus áireofar leis sin an dáileadh spásúil scaipthe atá ag mórán de na heastáit thithíochta seo i lonnáiochtaí tuaithe, i mbailte fearainn agus sna cúlchríocha a bhaineann leo. Iarrtar ar údaráis áitiúla gach cúnamh a thabhairt d'Uisce Éireann nó do na sainchomhairleoirí a bheidh i mbun an staidéir seo.



## **Ceardlann ar Thairiscintí**

Chun go mbeidh tuilleadh eolais ag na húdaráis áitiúla maidir leis an bpróiseas tairisceana don chlár ilbhliantúil, beidh an Roinn, i dtreo dheireadh mhí Lúnasa, ag réachtáil ceardlann ar an glcár nua – cuirfear sonraí i dtaca le dáta agus suíomh ar fáil.

Iarrtar ar gach údarás áitiúil dhá ionadaí a sheoladh, atá gníomhach cheana féin i gcúrsaí tógála i gcúram agus a bheidh páirteach sa chlár ilbhliantúil nua. Ba chóir d'údaráis áitiúla na hainmneacha, na róil agus sonraí teagmhála ríomhphoist chuig an Roinn roimh am scoir gnó ar 31 Iúil 2019. Ba chóir sonraí na ndaoine a bheidh i láthair a sheoladh go dtí [DPWSI@housing.gov.ie](mailto:DPWSI@housing.gov.ie).

Cuirfear tuilleadh sonraí, agus an Clár, go dtí an duine a bheidh i láthair nuair a bheidh siad réidh. Is í an fhormaid a bheidh i gceist, áfach, ná seisiúin cur i láthair ón Roinn a chlúdaíonn an heastáit Catagóirí 1-4, agus ina dhiaidh sin, beidh seisiún ceiste agus freagra ar gach catagóir/fo-chatagóir.

## **Tairiscintí Cistithe a chur isteach**

Tuigtear gur rud dúshlánach é an t-am agus an díograis atá riachtanach chun an tasc tairisceana seo a thabhairt chun críche, ach nuair a thionsaítear na sonraí seo, beidh ar chumas na Roinne na hiarratais chistithe a phlé agus tacaíocht chistithe cláir a sholáthar go luath chun an saincheist oidhreachta seo a réiteach.

Tá an Teimpléad tairisceana le críochnú do gach catagóir eastáit, i.e. Catagóirí 1-4 ar eastáit aonair nó ar bhonn tionscadail. Má tá aon eolas breise ag d'údarás áitiúil, ar nós tuarascálacha a leagann amach na hoibreacha molta, is féidir a leithéid d'eolas a chur ar aghaidh chomh maith, mar d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach maidir leis an anailís do na heastáit i gCatagóirí 2,3 agus 4 go háirithe.

Iarrtar ar d'údarás áitiúil **d'iarratas comhlánaithe a chur isteach, ina bhfuil an Teimpléad mionsonraithe ag Aguisín B, chomh luath agus is féidir ach roimh am scoir gnó ar an dáta deiridh le haghaidh tairiscintí luaite thuas.** Ba chóir iad a chur ar aghaidh chuig [DPWSI@housing.gov.ie](mailto:DPWSI@housing.gov.ie).

Nuair a bheidh na hiarratais chistithe go léir faighte, déanfaidh an Roinn iad a mheasúnú le cúnaimh ó Phainéal de Shaineolaithe leis an aidhm iarratais a fhaomhadh agus cistiú a leithdháileadh i Ráithe 4 de 2019.



Aithnítear go mbeidh gá le roinnt mhaith pleanála chun na hoibreacha do roinnt eastáit a chur i bhfeidhm, go háirithe iad siúd faoi Chatagóir 2,3, agus 4. Mar sin, ba chóir d'údaráis áitiúla, agus iad ag dréachtú a gcláir oibre agus na próifíl chaiteachais a bhaineann leo, an meastachán is fearr maidir le conas atá sé i gceist acu an méid a leithdháiltear orthu a chaitheamh do na blianta 2019 – 2021 maidir leis an imchlúdach cisiithe ginearálta atá ar fáil don tréimhse, mar atá sé leagtha amach sa tábla thuas.

Agus an phróifíl chaiteachais á ullmhú, ba chóir d'údaráis áitiúla a chur san áireamh, chomh fada agus is féidir, an t-am is gá don mheasúnú tionscadail, do na staidéir imscrúdaithe, do na ceadanna pleanála (más gá), agus an próiseas tairisceana is gá roimh don obair tosú, agus dátaí tosaithe réadúla do na hoibreacha, a lua san tairiscintí.

### **Staid na dTionscadal a Thuairisciú agus Íocaíochtaí**

Iarrfaidh an Roinn ar na húdaráis áitiúla go gcuirfidh siad tuarascálacha críochnaithe isteach maidir le gach tionscadal a chistítear. Déanfar é seo chun éifeachtacht na dtionscadal a mheas i dtaca le spriocanna an chlár a chomhlíonadh go ginearálta, agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú agus ar fheidhmiú. Táthar ag súil go gcuirfear iad seo isteach at deireadh gach ráithe. Beidh gá le tuarascáil dheiridh, ina chuirfear in iúl gur tógadh i gcúram an eastát oidhreachta DPI, sula scaoilfear an íocaíocht dheiridh.

Beidh údaráis áitiúla ábalta íocaíocht a fhorchúiteamh ar oibreacha atá críochnaithe (d'fhéadfaí go mbeidh íocaíochtaí ar bhonn céimnithe i gceist do thionscadail a bhfuil costais níos airde acu). Riarófar an próiseas íocaíochta ar bhealach atá cosúil leis an gceann atá i bhfeidhm don Chlár Uisce Tuaithe ach feidhmeoidh na cláir astu féin.

Sa Chiorclán a bhaineann le faomhadh agus leithdháileadh, beidh cur síos ar dhul chun cinn agus tuairisceofar conas a fheidhmeoidh na híocaíochtaí d'eastáit oidhreachta DPI. Cuirfear an teimpléad ar fáil freisin don tuarascáil ar dhul chun cinn/dheiridh..



## **Fiosrúcháin**

Is feidir fiosrúcháin maidir leis an gclár seo a chur ar aghaidh go dtí Kara McNulty ag +353 (0) 96 24460 (kara.mcnulty@housing.gov.ie).

Is mise le meas

A handwritten signature in blue ink, appearing to read 'Luke Varley', is written over a light blue horizontal line.

Luke Varley,  
Príomhoifigeach Cúnta  
Clár Polasaí Uisce agus Uisce Tuaithe

**Aguisín A – Creat don Chlár Réitigh Ilbhliantúil  
d'Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag  
Forbróirí 2019-2021**



## CLÁR ÁBHAIR

	Leathanach
Achoimre	1
Réamhrá agus cúlra	1
Comhthéacs polasaí an Cháir chistithe Ilbhliantúil nua don réiteach forásach maidir le heastáit ina bhfuil infreastruchtúr Seirbhísí Uisce oidhreachta arna Soláthar ag Forbróirí	3
Eastáit ina bhfuil Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce oidhreachta arna Soláthar ag Forbróirí	5
Catagóirí d'eastáit ina bhfuil Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce oidhreachta arna Soláthar ag Forbróirí	6
Scóip agus fócas an chláir chistithe ilbhliantúil don tsraith chistithe 2019-2021	7
Cistiú le fáil faoin gclár cistithe ilbhliantúil don tsraith chistithe 2019-2021	8
Critéir incháilitheachta le haghaidh tairiscintí cistithe	9
Cur Chuige agus critéir roghnaithe chun tairiscintí ar chistiú a mheas	10
Cuireadh iarratas a chur isteach, agus formáid na dtairiscintí ar chistiú	11
Tuilleadh treorach faoi leith maidir le tairiscint a dhéanamh i leith eastát faoi Chatagóirí 1,2,3 agus 4	13

# **Creat don Chlár Réitigh Ilbhliantúil d’Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí 2019-2021**

## **Achoimre**

Sa doiciméad Creata seo, cuirtear eolas ar fáil maidir le clár cistithe ilbhliantúil nua, ar a dtugtar **an Clár Réitigh Ilbhliantúil d’Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí** (“an clár”).

Tríd an gclár beifear ábalta teacht ar réiteach forásach, ar bhonn tosaíochta, le haghaidh Infreastruchtúir Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí (a ghiorraítear go hiondúil mar DPI) ar bhealach inmharthana in eastáit thithíochta (“eastáit”) chun go mbeifear ábalta iad a thógáil i gcúram.

Go háirithe, cuireann an Creat treoir ar fáil d’údaráis áitiúla maidir le scóip agus fócas an chlár nua i dtaca le tairiscintí a chur isteach ar thionscadail faoin gcéad sraith den chlár cistithe ilbhliantúil 2019 – 2021.

## **Réamhrá agus cúlra**

Rine mórán cónaitheoirí in eastáit thithíochta ceangaltas airgeadais suntasach nuair a cheannaigh siad a dteach. Ní mór a chinntiú go bhfuil na codanna poiblí de na heastáit sin, ar nós bóithre, cosáin, páirceáil, soilsiú, spásanna oscailte agus uisce agus seirbhísí fuíolluisce, críochnaithe ar chaighdeán atá sásúil chun iad a thógáil i gcúram, agus go ndéanfaidh an t-údarás cuí iad a chothabháil ina dhiaidh sin.

Go déanach in 2015, d’iarr an Roinn ar údaráis áitiúla sonraí maidir le heastáit nár tógadh i gcúram – uaireanta tugtar eastáit oidhreachta orthu – chun liosta náisiúnta a chur le chéile. Chuir na sonraí a tiomsaíodh ón suirbhé le fios don Roinn líon na n-eastát nár tógadh i gcrúam, agus ag an am céanna, aithíodh na dúthshláin dhlíthiúla, airgeadais agus fheidhmiúcháin atá i gceist do na húdaráis áitiúla maidir leis an tógáil i gcúram.

San áireamh sna sonraí a bailíodh sa suirbhé bhí: líon na n-áiteanna cónaithe, an suíomh, stádas an infreastruchtúir, agus an bhfuil cineál seirbhís uisce faoi leith san eastát, ar a dtugtar “Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí Uisce”, a ghiorraítear go hiondúil mar DPI. Féach thíos le haghaidh sainmhíniú, cur síos agus míniú níos cuimhsithí ar DPI.

In Aibreán 2016, mar fhreagairt ar an bhfaisnéis on suirbhé, sheol an Roinn an Tionscnamh Náisiúnta um Thógáil i gCúram (National Taking in Charge Initiative, NTICI). Bhí an tionscnamh seo le cuir chuige nua agus modhanna oibre nua a thástáil, chun tacú le agus dlús a chur le gníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil maidir leis an bpróiseas chun eastáit a thógáil i gcúram.

D'iarr an Roinn ar na húdaráis áitiúla sonraí nuashonraithe a chur ar fáil i Lúnasa 2018 chun críche monatóireacha leanúnaigh a dhéanamh go naisiúnta ar an tógáil i gcúram agus chun tuarascáil a dhéanamh ar an NTICI, a tosaíodh in 2016. Foilsíodh an tuarascáil ina raibh tátal agus moltaí – an ***Tuarascáil um an Tionscnamh Tógála i gCúram Náisiúnta*** – i mí na Nollag 2018.

Léiríonn an tuarascáil NTICI, bunaithe ar na sonraí ó Lúnasa 2018, go raibh stádas náisiúnta na n-eastát oidhreachta, iad siúd le DPI san áireamh, mar seo a leanas:

- Níor tógadh **4,854** eastát i gcúram – laghdú **14%** ar an staid ag deireadh 2015,
- Ar **834** eastát bhí DPI a bhí déanta suas den chuid is mó as fuíolluisce (17% de líon na n-eastát nár tógadh i gcúram) - laghdú **9%** ar an staid ag deireadh 2015.

Is léir ó mheasúnú breise a rinneadh ar na sonraí ó Lúnasa 2018 go gcuimsíonn líon na dtithe in eastáit le DPI 13.5% de líon iomlán na dtithe nár tógadh i gcúram. Mar sin, níl formhór mór na n-eastát agus na dtithe a bhaineann leo nár tógadh i gcúram, ag brath ar DPI dá gcuid seirbhísí uisce.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gur sonraí thar am i leith iad na sonraí seo, atá de shíor ag coigeartú agus a bhfuil gá iad a nuashonrú.

Rinne an NTICI, a seoladh in 2015, an chéad chéim chun polasaí a fhorbairt sa réimse seo, rinne sé scrúdú ar an acmhainn atá ann dlús a chur leis an bpróiseas tógála i gcúram agus é a chríochnú. Thástáil an NCITI cuir chuige agus modhanna oibre nua chun tacú le agus dlús a chur le gníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil maidir leis an bpróiseas chun eastáit a thógáil i gcúram, iad siúd le DPI san áireamh.

Faoi théarmaí an NTICI, faoina bhfuil €10 milliún de chistiú, bhí forbairtí faoi réir iarratais bhailí maidir le tógáil i gcúram, incháilithe don ghairm tograí cistithe. Ar deireadh, íocadh €7.5 milliún den chistiú leithdháilte le húdaráis áitiúla i leith 330 forbairt, ina raibh 14,930 teach cónaithe.

Dhírigh fothacar den phróiseas NTICI ar eastáit ina raibh DPI. San iomlán, tugadh cistiú do 31 eastát ina raibh 1,254 teach cónaithe agus ina raibh DPI, faoin tionscnamh mar tionscadail phíolólta nó taispeána. Bhí na tionscadail seo scaipthe thar seacht n-údarás áitiúil – iad siúd leis an líon is airde d'eastáit oidhreachta le DPI go náisiúnta.

San áireamh sa dul chun cinn atá déanta maidir leis an bpróiseas tógála i gcúram tá: nuashonrú bliantúil de na heastáit atá le tógáil i gcúram; meabhrán tuisceana idir páirtithe leasmhara; agus, go ríthábhachtach, bhunaigh gach údarás áitiúil sa tír foirne speisialaithe chun dlús a chur leis an bpróiseas tógála i gcúram.

Ag leanúint ar aghaidh ón moladh sa tuarascáil, tá an Roinn ag cur tús le clár cistithe ilbhliantúil dírithe ar DPI. Tríd an gclár, ar a dtugtar an Clár Réitigh Ilbhliantúil d'Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí, beifear ábalta teacht ar réiteach forásach, ar bhonn tosaíochta, le haghaidh Infreastruchtúir Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí in eastáit thithíochta, ar bhealach inmharthana chun go mbeifear ábalta iad a thógáil i gcúram.

Tá cistiú foráilte don chéad sraith cistithe den chlár, don tréimhse 2019-2021, faoi **Tionscadal Éire 2040 - Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027**<sup>3</sup>.

Is clár seanbhunaithe agus gníomhach é laistigh d'Uisce Éireann, seirbhísí uisce in eastáit thithíochta oidhreachta a thógáil i gcúram agus sócmhainní a aistriú, iad siúd le DPI san áireamh – nuair is é an réiteach atá ann ná iad a cheangal le líonra uisce nó fuíollsuice poiblí (Uisce Éireann), agus an DPI a dhíchoimisiúniú, agus tá an clár seo á bhainistiú ag Seirbhísí Nasctha agus Forbartha de chuid Uisce Éireann.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na húdaráis áitiúla gach iarracht chun a chinntiú go gcuirfí riaráiste na n-eastát oidhreachta chun cinn agus go réiteofaí iad, iad siúd le DPI san áireamh, nár tógadh i gcúram fós, trí chlár gníomhach leanúnach tógála i gcúram. Tugann an clár seo muinín do shealbhóirí tí sna heastáit seo go ndéanfar na seirbhísí poiblí dá dtithe a bhainistiú agus a chothabháil i gceart san am atá le teacht.

### **Comhthéacs polasaí an cháir chistithe ilbhliantúil nua don réiteach forásach maidir le heastáit in bhfuil infreastruchtúr Seirbhísí Uisce oidhreachta arna Soláthar ag Forbróirí**

Is í an fhís atá ag an Rialtas le haghaidh seirbhísí uisce – is cuma má chuireann Uisce Éireann agus a gcomhpháirtithe san údarás áitiúil ar fáil iad nó má sheachadaítear ar bhealach eile iad – ná go ndéanfar iad a fhorbairt agus a sheachadadh ar aon dul le riachtanais na n-úsáideoirí agus ar chaighdeán a bhfuil siad ag súil leis, go gcomhlíonann siad na riachtanais dlíthiúla, ar bhealach atá cóir cothram agus cost-éifeachtúil, agus a chloíann le prionsabail na hinmharthanachta sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil.

I mBealtaine 2018, d'fhoilsigh an Rialtas an chéad **Ráiteas Polasaí um Sheirbhísí Uisce 2018-2025**<sup>4</sup> a ullmhaíodh de réir an Achta um Sheirbhísí Uisce 2017. I measc rudaí eile, tá le brath sa ráiteas go bhfuil ré nua rialachais, maoirseachta agus freagrachta ann maidir le seirbhísí uisce a sheachadadh. Aithníonn an Ráiteas spriocanna agus tosaíochtaí ardleibhéil maidir le seirbhísí uisce

---

<sup>3</sup> Féach ag an nasc seo: <http://www.gov.ie/en/project-ireland-2040/>

<sup>4</sup> Féach ag an nasc seo: <http://www.housing.gov.ie/water/water-services/minister-murphy-launches-water-services-policy-statement-2018-2025>

a sheachadadh thar an tréimhse go dtí 2025. Ullmhaíodh é de réir na nAchtanna Seirbhísí Uisce chun go mbeadh treor soiléir taobh thiar den phleanáil agus cinnteoireacht straitéiseach i dtaca le seirbhísí uisce in Éirinn.

Sa ráiteas leagtar amach sraith d'eochairthéamaí agus spriocanna polasaí chun forbairt agus seirbhísí seachadta uisce a threorú. Tá baint ag na téamaí go léir – cáilíocht uisce, uisce a chaomhnú agus na seirbhísí a dhéanamh seasmhach i leith na todhchaí – le réiteach forásach a aimsiú d'eastáit oidhreachta DPI ar bhealach inmharthana.

Áirítear sna spriocanna tosaíochta i dtaca le **cáilíocht** uisce a bhfuil baint faoi leith acu leis na heastáit DPI sa Ráiteas:

- Comhlíontacht níos fearr a bhaint amach le caighdeáin sláinte poiblí agus comhshaoil trí infheistíocht shuntasach a dhéanamh i seirbhísí uisce – lena n-áirítear **€31 milliún** ón Stát sa tréimhse 2018-2021 don réiteach forásach ar shaincheisteanna oidhreachta DPI.
- Cur chuige réamhphleánála agus bainistíochta riosca a ghlacadh chun an éifeacht a d'fhéadfadh a eascairt as neamhchomhlíontacht le gach Treoir AE ábhartha a íoslaghdú, agus chun cosaint in aghaidh riosca neamhchomhlíontachta sa todhchaí.
- Cinntiú go bhfuil rochtain ar sholáthar uisce óil, sábháilte, cóireálta go cuí ar féidir brath air trí ghníomhaíocht cheartaitheach a théann i ngleic le agus a chuireann aon riosca as an áireamh,
- Gach beart réasúnta a dhéanamh chun foinsí uisce a chosaint ó thruailliú.

San áireamh sa Ráiteas i spriocranna tosaíochta um **chaomhnú uisce** a bhaineann le heastáit DPI tá:

- An caomhnú uisce a neadú i gcroílár an pholasaí uisce trí thús áite a thabhairt don bhainistíocht acmhainne, astarraingt a rialú, foinsí a chosaint, dul i ngleic le sileadh, agus athrú iompraíochta a spreagadh.
- Caomhnú uisce a chur chun cinn, agus acmhainní a bhainistiú trí infheistíocht chun sileadh a bhrath agus a dheisiú, líonraí a fheabhsú, méadrú cost-éifeachtúil a dhéanamh mar aon le feachtais feasachta.

Áirítear sna spriocanna tosaíochta i dtaca le **seasmhacht i leith na todhchaí** a bhfuil baint faoi leith acu leis na heastáit DPI sa Ráiteas:

- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil na cinntí a dhéantar i dtaca le hinfeistíocht uisce ailínithe leis na spriocanna ginearálta den **Tionscadal Éire 2040: Creat Pleanála Náisiúnta**<sup>5</sup>.

---

<sup>5</sup> Féach ag an nach seo: <http://www.gov.ie/en/project-ireland-2040>

Chun roinnt beart laistigh den **Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn 2018-2021**<sup>6</sup> a chur i bhfeidhm agus na torthaí atá ann a bhaint amach, beidh gá leis an Stát sciar mór infheistíochta a dhéanamh trí réimse clár cistithe sna blianta atá romhainn. Tá na bearta sa Phlean dírithe ar chomhlíontacht a chinntiú leis na caighdeáin sláinte poiblí agus go háirithe na caighdeáin chomhshaoil. Cabhróidh an clár nua an chomhlíontacht seo a bhaint amach.

Tá seirbhísí uisce agus uisce sa timpeallacht ardchaighdeáin bunriachtanach don fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch, agus tá an rannpháirtíocht phobail iomlán atá riachtanach chun na torthaí straitéiseacha a bhaint amach leagtha amach in **Tionscadal Éire 2040: Creat Pleanála Náisiúnta** agus an mheicníocht seachadta cistithe **Tionscadal Éire 2040: Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027**. Tá cistiú curtha in áirithe don chlár nua sa Phlean, agus cuirfidh sé le torthaí straitéiseacha an Chreata agus an Phlean a bhaint amach.

Beidh an clár cistithe ilbhliantúil chun tairbhe eochair-réimsí eile sa pholasaí náisiúnta. Áirítear leis seo an chéad straitéis rialtais-iomlán dírithe ar fhíorathrú a sheachadadh atá leagtha amach sa phlean **Ár nAcmhainn Tuaithe a Fhíorú – Plean Gníomhaíochta don Fhorbairt Tuaithe** a leanfaidh an tuarascáil de chuid an Choimisiúin maidir le Forbairt Eacnamaíoch Cheantair Thuaithe (CEDRA) *Fuinneamh a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann*. Lena chois sin, cuirfidh an clár cistithe ilbhliantúil le tiomantas an Rialtais tacú le hathbheochan cheantair thuaithe na hÉireann, agus tiomantas an Rialtais bheith mar thaca faoi fhorbairt inmharthana cheantair thuaithe na hÉireann amach anseo i **gCairt do Cheantair Thuaithe na hÉireann**<sup>7</sup>.

Mar achoimre, an clár nua ilbhliantúil chun eastáit oidhreachta DPI a réiteach go forásach ar bhealach inmharthana, ba chóir go bhfeicfí go gcuireann an clár seo le seachadadh na spriocanna atá sna ráitis, sna pleananna agus sna tuarascálacha go léir, agus nach rud ar leith atá ann.

### **Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce in eastáit oidhreachta arna Soláthar ag Forbróirí**

Le fiche bliain anuas, sna 2000 den chuid is mó, forbraíodh catagóir d'eastáit ina raibh infreastruchtúr seirbhísí uisce neamhspleách ann a bhí curtha ar fáil ag an bhforbróir – mar sin tugadh Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí air agus giorraíodh é go DPI – nach bhfuil nasctha leis an líonra poiblí do sheirbhísí uisce. Ceadaíodh an DPI seo mar chuid den údarú pleanála chun forbairt ar na heastáit seo a éascú, in éagmais seirbhísí uisce poiblí a bheith ar fáil.

Bhí sé mar aidhm nach mbeadh i gceist ach réiteach gear/meán-téarmach. Bhí an réiteach gearr/meán-téarmach ag brath ar uasghrádú nó leathnú amach a dhéanamh ar an líonra seirbhísí

<sup>6</sup> Féach ag an nasc seo: <http://www.housing.gov.ie/water/water-quality/river-basin-management-plans/river-basin-management-plan-2018-2021>

<sup>7</sup> Féach ag an nasc seo: [https://www.chg.gov.ie/app/uploads/1970/01/charter\\_fro\\_rural\\_ireland\\_january\\_2016-1.pdf](https://www.chg.gov.ie/app/uploads/1970/01/charter_fro_rural_ireland_january_2016-1.pdf)

uisce – nach raibh ar fáil nuair a bhí na heastáit á bhforbairt ar an gcéad dul síos ach a bhí pleanáilte mar chuid de chlár infheistíochta caipitil. Bhí sé i gceist go nascfaí na seirbhís uisce leis agus go ndéanfaí an DPI a dhíchoimisiúnú.

Tugtar eastáit oidhreachta DPI uaireanta ar fho-thacar na n-eastát oidhreachta nár tógadh i gcúram, atá ag brath i bpáirt nó go hiomlán dá gcuid seirbhísí uisce ar infreastruchtúr DPI. Braitheann na heastáit oidhreachta DPI seo ar DPI do sheirbhísí fuíolluisce DPI ach i roinnt cásanna, braitheann siad air le haghaidh uisce óil, rud a chuimsíonn stáisiúin cóireála agus uaireanta stáisiúin chaidéalúcháin.

Tá an DPI faoi úinéireacht phríosbháideach. Do roinnt mhaith de an heastáit oidhrecht DPI, ní hé úinéir dleathach na sócmhainní, comhlacht forbartha, a bhainistíonn an t-infreastruchtúr a thuilleadh agus d'fhéadfadh sé nach bhfuil sé ag trádáil a thuilleadh nó nach ann dó. Sna cásanna seo agus i roinnt cásanna eile, níl an DPI ag feidhmiú i gceart nó níl cothabháil á déanamh air, a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le riosca sláinte poiblí agus timpeallachta.

Fágtar amach eastáit oidhreachta DPI faoin Meabhrán Tuisceana reatha maidir le próiseas a fhorbairt chun eastáit a thógáil i gcúram atá nasctha leis an líonra uisce agus fuíolluisce a bhaineann le nó atá rialaithe ag Uisce Éireann. Ní thagann an t-eisiamh i bhfeidhm, áfach, nuair a nascfar an tseirbhís uisce don eastát tríd an gclár ilbhliantúil leis an líonra seirbhísí uisce agus nuair a dhéanfar an DPI a dhíchoimisiúnú.

Tá sé mar pholasaí ag Uisce Éireann naisc a éascú dá infreastruchtúr reatha, nuair atá an acmhainn ann, chun usáid an infreastruchtúir reatha a uasmhéadú agus costais infheistíochta bhreise a laghdú.

### **Catagóirí d'eastáit ina bhfuil Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce oidhreachta arna Soláthar ag**

#### **Forbróirí**

Chun críche na tuarascála NTICI, rangáidh na heastáit oidhreachta DPI, a aithníodh sa bhunachar sonraí ón suirbhé in 2015, i gceithre chatagóir ghinearála (ní dhearnach eastáit oidhrecht uisce óil DPI a chatagóiriú mar ní raibh ach líon beag díobh go náisiúnta). Bunaíodh an catagóiriú ar líon na n-aonad cónaithe san eastát agus cóngarach an eastáit do líonra bailithe fuíolluisce poiblí.

Déantar na catagóirí a shainmhíniú go ginearálta mar seo a leanas (céadtadán an lín iomlán d'eastáit DPI idir lúibíní):

- **Catagóir 1:** Eastáit i mbailte ina bhféadfaí iad a cheangal leis an líonra fuíolluisce poiblí (46%),
- **Catagóir 2:** Eastáit le 50 aonad nó os a chionn lonnaithe i mbailte agus sráidbhailte measartha móra lasmuigh den líonra fuíolluisce poiblí (3%),

- **Catagóir 3:** Eastáit le níos lú ná 50 aonad cónaithe lonnaithe i lonnaíochtaí tuaithe beaga lasmuigh den líonra fuíolluisce poiblí (36%),
- **Catagóir 4:** Eastáit le níos lú ná cúig aonad cónaithe i mbaile fearainn tuaithe nó i gcúlchríoch a bhraitheann ar chórais chóireála uisce bheaga (15%).

Is réamhshonraí thar am ar leith iad na céadtdáin atá tugtha, atá de shíor ag athrú, agus ar gá iad a nuashonrú go rialta i bpróiseas atá ag athrú go dtí go mbeidh sonraí níos fearr ar fáil d’Uisce Éireann maidir lena líonraí fuíolluisce agus go méadaíonn an acmhainn atá acu maidir le hoibreacha cóireála srl. Mar shampla, d’fhéadfadh sé go bhfuil roinnt eastáit thithíochta oidhreachta DPI á cheangal faoi láthair, nó b’fhéidir go bhfuil siad nasctha cheana féin leis an líonra fuíolluisce poiblí, agus d’fhéadfadh sé go bhfuil míchatagóiríú déanta ar chinn eile mar tá nasc caidéalaithe acu leis an líonra poiblí do sheirbhísí uisce ach nach meastar gur DPI iad.

Tá formhór na n-aonad cónaithe in eastáit oidhreachta DPI i gCatagóirí 1 agus 2.

Tá líon beag d’eastáit oidhreacha go náisiúnta a bhfuil córais chóireála fuíolluisce acu a dhoirteann eisilteach isteach sa líonra fuíolluisce poiblí. Sna cúinsí seo tá roinnt de na gnéithe i gceist atá sna heastáit oidhreachta DPI (córas cóireála curtha ar fáil ag an bhforbróir mar shocrú ‘sealadach’ go dtí go mbeadh acmhainn cóireála ar fáil sa chóras poiblí agus go mbeifí ábalta córas an eastáit a dhíchoimisiúnú). Déantar na heastáit seo a chatagóiríú mar eastáit oidhreachta DPI chun críche an chláir. Má chuirtear cistiú ar fáil, beidh sé teoranta do chóras cóireála an eastáit a dhíchoimisiúnú agus athruithe riachtanacha a dhéanamh mar thoradh air sin srl.

The wastewater services infrastructure in some legacy estates incorporate pumping stations, provided by the developer, which discharge influent to the public wastewater network. They are not categorised as legacy DPI estates for the purposes of the programme.

### **Scóip agus fócas an chláir chisithe ilbhliantúil don tsraith chisithe 2019-2021**

Tá sé mar aidhm ag an doiciméad seo creat a leagann amach, agus eolas agus treoir a sholáthar ar an gclár ilbhliantúil do 2019 agus níos faide sa todchaí, maidir leis an ngné DPI den chatagóir sin d’eastáit oidhreachta nár tógadh i gcúram fós. Ba chóir an treoir a léamh in éineacht leis an tuarascáil NTICI.

Ag leanúint ar aghaidh ón moladh sa tuarascáil NTICI, tá an Roinn ag cur tús le clár cistithe ilbhliantúil dírithe ar DPI. Tríd an gclár - **an Clár Réitigh Ilbhliantúil d’Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce arna Soláthar ag Forbróirí** – dírithe ar an heastát atá ag brath ar DPI dá seirbhísí uisce. Rithfidh an clár tosaigh ó 2019 – 2021.

Tá scóip níos leithne ag an gclár ná mar a bhí ag na tionscadail taispeána a bhí ann faoin NTICI, a rinne seacht n-údarás áitiúil ag a raibh líon ard d’eastáit oidhreachta DPI. Is féidir le gach údarás



áitiúil ag a bhfuil eastáit oidhreachta DPI nár tógadh i gcúram, tairiscint a chur isteach chun tacú le réiteach a fháil ar an DPI oidhreachta.

Tá an clár nua ag bogadh ar aghaidh ón NTICI, ag cur leis an eolas a tháinig as an gcéim taispeána/píolótach den NTICI, agus an am céanna cinnteacht maidir le cistiú ilbhliantúil a sholáthar. Tá sé mar aidhm ag an gcistiú ilbhliantúil seo, an ghné DPI sna heastáit seo a réiteach, ar bhonn tosaíochta, trí réiteach inmharthana a fháil i gcomhar leis na húdaráis áitiúil agus le hUisce Éireann.

Is é an fócas atá ann maidir le cistiú ón Roinn faoin gclár cistithe ilbhliantúil ná gné DPI i dtaca le hinfreastruchtúr seirbhísí uisce a réiteach ar eastáit den chineál seo.

#### **Cistiú le fáil faoin gclár cistithe ilbhliantúil don tsraith chistithe 2019-2021**

Sa tábla thíos, leagtar amach an cistiú, a bheidh ag dul i méid go céimniúil, don tsraith cistithe den chlár cistithe ilbhliantúil, atá foráilte faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

<b>2019</b>	<b>2020</b>	<b>2021</b>
€ 6 milliún	€10 milliún	€12 milliún

I gceist leis an gcistiú a thiofadh ón Roinn faoin gclár, beidh ranníocaíocht nó comhhaoiniú mar chuid den chistiú iomlán atá riachtanach chun réiteach inmharthana a fháil maidir leis an ghné DPI d'infreastruchtúr seirbhísí uisce in eastáit den chineál seo.

Beidh an Roinn ag súil go bhfaighfidh na húdaráis áitiúla tuilleadh cistithe ó fhoinsí éagsúla eile, lena n-áirítear: ón bhforbróir, ón soláthróir banna, ón leachtaitheoir (más ábhartha) agus ón údarás áitiúil féin. Táthar ag súil go mbainfí úsáid as sineirgí le hUisce Éireann (tríd an gClár Infheistíochta Caipitil 2017-2021 atá acu) nó aon acmhainní eile atá ar fáil chun na saincheisteanna DPI a réiteach. Leis an gcistiú agus na acmhainní le chéile, beifear ábalta na seirbhísí uisce sna heastáit oidhreachta DPI a chur chun cinn go dtí an caighdeán atá riachtanach chun iad a thógáil i gcúram.

Beidh sé riachtanach go ndéanfaidh na húdaráis áitiúla an cistiú ó na foinsí éagsúla seo a uasmhéadú agus a úsáid chun an clár seanbhunaithe tógála i gcúram a chur chun cinn. Tabharfar tús áite do thograí leis an gcur chuige seo. D'éirigh go han-mhaith le múnla gearála den chineál sin, réiteach a fháil ar líon suntasach d'eastáit thithíochta (agus le déanaí faoi na tionscadail taispeána/píolótacha den NTICI) ar chaiteachas measartha don Státchiste agus don údarás áitiúil.

Níl an comhchistiú le húsáid ar bóithre, ar chosáin, ar soilsiú ná ar spásanna oscailte chun iad a thabhairt go dtí an caighdeán is gá chun iad a thógáil i gcúram. Beidh ar an údarás áitiúil na lochtanna sna seirbhísí seo a chistiú ar an ngnáthbhealach.

Chun críche cinnteachta, is é an fócas cistithe faoin gclár ná an ghné DPI d'infreastruchtúr seirbhísí uisce sna heastáit seo a réiteach. Réiteach a fháil ar aon saincheist eile a bhaineann le hinfreastruchtúr seirbhísí uisce ar na heastáit seo, i.e. ar ghné nach mbaineann le DPI – ní mór don údarás áitiúil é seo a réiteach óna n-acmhainní féin. Ní thabharfar aon chistiú dóibh ina leith faoin gclár seo. Áirítear ar an mbonn céanna aon saincheist a bhaineann le bailiúchán fuíolluisce agus /nó líónraí leithdháilte uisce ar gach eastát nár tógadh i gcúram.

### **Cistiú le fáil faoin gclár cistithe ilbhliantúil don tsraith chistithe 2019-2021**

Dírítear fócas an chistithe, ar an ngné DPI de sheirbhísí uisce laistigh de na heastáit oidhreachta seo, ar na cásanna a leanas faoin gclár:

- An réiteach atá ann (optamach) ná seirbhísí uisce an eastáit/na n-eastát a cheangal le líonra seirbhísí uisce poiblí ar choinníoll go bhfuil acmhainn (cóireála agus líonra araon) ag an gcóras poiblí chun freastal ar cheangal an eastáit/na n-eastát, nó uasghrádú air seo, agus go n-áirítear é seo i bPlean Infheistíochta Caipitil reatha de chuid Uisce Éireann (eastáit i gCatagóir 1 agus b'fhéidir eastáit i gCatagóirí 2,3, agus 4 ag brath ar chúinsí, go háirithe nuair atá níos mó ná eastáit oidhreachta DPI amháin in aon lonnaíocht),
- An réiteach atá ann (nuair nach féidir an réiteach optamach a bhaint amach) ná réiteach neamhspleách inmharthana a fhorbairt, nuair is féidir – bunaithe ar chritéir eacnamaíoch, thimpeallachta agus theicniúil (Catagóirí 2,3 agus 4 i gcoitinne, go háirithe nuair atá níos mó ná eastáit oidhreachta DPI amháin in aon lonnaíocht),
- Cáilíonn an eastáit chun go dtógfaí i gcúram é, agus tá sé déanta suas go hiomlán nó den chuid is mó de phríomháiteanna cónaithe príobháideacha agus ní coimpléisc príobháideacha cónaithe, ar nós forbairtí il-aonaid, forbairtí le geataí, sráidbhailte lucht scoir agus forbairtí tithe saoire ar tugadh údarú dóibh, agus a fheidhmíonn ar bhonn comhlachta bainistíochta phríobháidaigh nó ar bhonn socrúithe eile den chineál sin,
- Fuair an t-údarás áitiúil iarratas bailí maidir leis an eastát/na heastáit a thógáil i gcúram, i.e. ní féidir le húdaráis phleanála, eastáit tógáigla i gcúram a chur chun cinn mura cuireadh iarratas bailí isteach ina leith chuig an t-údarás nó murar iarr formhór na n-úinéirí é, ag brath ar chúinsí áirithe (mír 180 den Acht um Phleanáil & Forbartha 2000 (arna leasú)).

**Nóta:** Ní rangáítear forbairtí cónaithe gníomhacha (nó eastáit neamhchríochnaithe a fuarthas réiteach orthu) – iad siúd atá á dtógáil ag forbróir - mar eastáit oidhreachta DPI.

### **Cur Chuige agus critéir roghnaithe chun tairiscintí ar chistiú a mheas**

Bunóidh an Roinn Painéal Saineolaithe (“an Painéal”) chun tacú le tionscadail a roghnú, monatóireacht leanúnach agus measúnú ex-post a dhéanamh ar an gclár.

Mar bhaill ar an bPainéal Saineolaithe beith ionadaithe ón Roinn mar aon le páirtithe leasmhara agus neamhspleácha eile. Chomh maith le dearcadh na saineolaithe a sholáthar, tugann an Painéal neamhspleáchas, oscailteacht agus trédhearcacht don phróiseas meastóireachta tairiscintí, a dhéanfar ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn tosaíochta.

I dtús báire beidh fócas an Phainéil ar thionscadail ar féidir iad a chun chun cinn go dtí an leibhéal tógála agus iad a chríochnú chomh luath agus is féidir sa tsraith chistithe reatha – ‘sluisead réidh’ mar a thugtar air nó beagnach críochnaithe.

Bunaithe ar an measúnú a dhéanann siad, déanfaidh an Painéal moltaí don Roinn maidir le hoiriúnacht na dtionscadal atá le maoiniú don sraith trí bliana den chlár ilbhliantúil. Ansin déanfaidh an Roinn a machnamh ar na moltaí, agus cuirfidh sí aighneacht le haghaidh cistithe faoi bhráid an Aire le bheith faofa aigesan. Ag brath ar fhaomhadh an Aire, cuirfidh an Roinn sonraí na dtionscadal atá le maoiniú don sraith trí bliana den chlár ilbhliantúil ar fáil do na húdaráis áitiúla.

An próiseas seo maidir le tairiscintí a lorg ag baint úsáide as cur chuige cistithe ilbhliantúil agus iad a bheith measta ag Painéal ina dhiaidh sin, is cur chuige é sin atá cosúil leis an gceann a úsáideadh do Chlár Ilbhliantúil na Roinne le haghaidh Uisce Tuaithe, a seoladh in 2016 ar bhonn ilbhliantúil.

Déanfaidh an Painéal tairiscintí ó údaráis áitiúla ar thionscadail chistithe a mheas bunaithe ar na critéir roghnaithe a leanas:

- Stair, nó riosca don tsláinte phoiblí agus/nó don timpeallacht uisce ar féidir déileáil leis tríd an gclár, e.g. sláinte phoiblí a chosaint agus/nó cáilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla a chaomhnú, agus truailliú ó sileadh amach as stáisiúin chóireála fuíolluisce DPI lochtacha (rangaithe ard, measartha, íseal),
- líon na dtithe san eastát nó sa ghrúpa d’eastáit a bhainfidh tairbhe as má tá an réiteach bunaithe ar ghrúpa d’eastáit (rangú bunaithe ar líon na dtithe a bhainfidh tairbhe as) ,

- An méid cistithe atá bailithe ag na húdaráis áitiúla ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear sineirgí cistithe a d'fhéadfadh teacht as tionscadail eile pleanáilte ag an údarás áitiúil ar nós cosáin, oibreacha bóithre etc., i.e. má tá líonra an eastáit idirnasctha leis an líonra seirbhísí uisce poiblí (rangaithe ard, measartha, íseal),
- riachtanais chistithe an réitigh mholta, lena n-áirítear líon na saincheisteanna ar féidir a réiteach ar an mbealach is cost-éifeachtúla agus is inmhathanaigh, ag cur san áireamh costais an aonaid in aghaidh an tí agus na costais ghinearálta (rangú bunaithe ar na costais aonaid agus na costais ghinearálta),
- stádas an tionscadail, i.e. staid fhorbartha an tionscadail, an bhfuil sé sluissead réidh nó eile (rangaithe ard, measartha nó íseal),
- an bhfuil acmhainn chúltaca faoi láthair in infreastruchtúr Uisce Éireann chun freastal ar idircheangal an eastáit nó cén uair a bheidh sí ar fáil (rangaithe ard, measartha nó íseal), agus
- Buntáistí an tionscadail chun eolas a sholáthar maidir le cláir agus polasaí a fhorbairt sa todchaí i.e. acmhainn an tionscadail ábhar foghlama a sholáthar i dtaca le bealaí inmhathana láidir chun déileáil le heastáit oidhreachta DPI a thógáil i gcúram agus leis an an earnáil uisce in áiteanna eile ar fud na tíre, e.g bogach a úsáid, mar shampla, bogaigh thógtha chomhtháite (rangú bunaithe ar ard, measartha nó íseal).

Beidh an Painéal ag catagóiriú na tograí bunaithe ar chaighdeán an eolais a chuireann na húdaráis áitiúla ar fáil. Chun go mbeidh an Painéal ábalta tairiscintí i gcatagóirí éagsúla a scrúdú agus a rangú, agus iad a chur in ord tosaíochta, ar bhonn náisiúnta, ní mór go mbeidh na haighneachtaí ó na húdaráis áitiúla cuimsitheach agus soiléir. Tabharfar tús áite do thograí a léiríonn leibhéal ard de réiteach fadhbanna comhoibrithe agus de ghiaíil de chistiú comhlántach.

### **Cuireadh chun iarratas a chur isteach, agus formáid na dtairiscintí ar chistiú**

Tugtar cuireadh anois d'údaráis áitiúla, ag baint úsáide as na teimpléid atá tugtha, tairiscint a dhéanamh maidir le réitigh inmhathana chun déileáil le DPI stairiúil in eastáit thithíochta a chomhlíonann na critéir incháilitheachta, agus is fearr a chomhlíonann na critéir roghnaithe atá leagtha amach thuas. Ba chóir go mbeidh faisnéis thacaíochta ag dul leis na tograí, atá sásúil, beacht agus ábhartha, a léiríonn conas a chomhlíonann gach tionscadal na critéir roghnaithe.

Ba chóir do na húdaráis áitiúla a dtograí molta a liostáil sna teimpléid in ord tosaíochta. Ní mór Léarscáileanna Suíomh (1:50,000, Sraith Fionnachtana) agus Léarscáileanna Leagan Amach (1:2,500) a soláthar ar leithligh le haghaidh gach togra molta.

Ag brath ar scála an tionscadail, d'fhéadfaí faisnéis thacaíochta bhreise a sholáthar (PDF más féidir, i bhformáid inchuardaithe). D'fhéadfaí go mbeadh, mar shampla, tuarascálacha indéantachta, agus tuarascálacha ó údaráis áitiúla i gceist, ina bhfuil léarscáileanna, sonraí ó chláir mhonatóireachta leanúnacha ar uiscí glactha, faisnéis ar ghníomhaíocht fhorfheidhmithe agus an tsláinte phoiblí nó buntáistí don timpeallacht uisce srl. Má tá a leithéid d'ábhar á sholáthar, ní mór achoimre ghearr agus beacht a sholáthar ina leith.

Ós rud é gur clár ilbhliantúil é seo, ag a bhfuil sraith chistithe trí bliana, beidh sé riachtanach don Roinn ceadanna tionscadail a leithdháileadh thar an tsraith chistithe 2019-2021.

Ag cur san áireamh an t-am a bheidh i gceist na hoibreacha caipitil a phleanáil agus a chur i bhfeidhm do roinnt de na heastáit oidhreachta DPI, chomh maith le haon obair ar gá le hUisce Éireann a dhéanamh ag an am céanna, ba chóir d'údaráis áitiúla riachtanais chistithe a sceidealú ina dtairiscintí ar an mbealach is fearr a oireann laistigh den tsraith chistithe 2019-2021. Dá réir sin, ba chóir d'údaráis áitiúla dátaí tosaigh agus críochnaithe a thabhairt dá dtograí tosaíochta atá réalaíoch.

Ba chóir go luafaí má tá aon aon bhac pleanála nó eile a chuirfeadh isteach ar thús gasta a dhéanamh ar na hoibreacha má fhaomhtar iad. Mar shampla, ba chóir na tionscadail atá 'sluaisead réidh' a lua (is dócha gur i gCatagóir 1 a bheadh siadsan), agus tionscadail a thógfaidh níos mó ama chun iad a phleanáil (is dócha gur i gCatagóir 2,3 agus 4 a bheadh siadsan) a lua mar is cuí.

Ní mór do thograí fianaise shoiléir a thaispeáint go bhfuil luach ar airgead ann (measta ar bhonn saolré iomlán áit is cuí), agus go mbeidh siad bunaithe ar réiteach inmharthana a mhairfidh i bhfad, e.g. sócmhainní seirbhísí uisce san eastát a aistriú go hUisce Éireann agus go mbeidh siadsan freagrach astu tar éis don údarás áitiúil iad a thógáil i gcúram. Déantar é seo tríd na sócmhainní a thabhairt suas go dtí an buncahighdeán is gá chun go nglacfaidh Uisce Éireann leo agus chun go dtógfaí i gcúram iad.

Ba chóir na costais mheasta sna tairiscintí a bhunú ar chostais reatha don obair agus don mhaoirseacht atá réalaíoch, agus ba chóir an costas a bhaineann le ceadúnas oscailte bóthair agus táille cheangail Uisce Éireann a chur san áireamh (más cuí). Ní ghlacfaidh an Roinn le héilimh ar chistiú forlíontach ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus sa chás go dtagann costais gan choinne chun cinn nach rabhthas ag súil leo nuair a cuireadh an tairiscint isteach.

Is féidir tograí a bhunú ar eastát aonair, nó más féidir costais a shábháil, ar ghrúpa d'eastáit, e.g. na catagóirí éagsúla d'eastáit oidhreachta DPI i mbaile amháin atá le ceangal le líonra seirbhísí uisce, iad sin a chur le chéile.

Sampla maith de réiteach grúpa inmharthana is ea, stáisiún cóireála fuíolluisce nó dabhach shéarachais comhchoiteann aonair a ionadú le séarach domhantarraingte nó stáisiún caidéalúcháin agus príomhlíonra ardaithe más gá, agus an fuíolluisce a sceitheadh amach sa líonra fuíolluisce poiblí, rud a bheadh mar thoradh air ná go ndéanfaí an DPI oidhreacha sna heastáit a dhíchoimisiúnú agus go dtógfá na heastáit i gcúram.

#### **Tuilleadh treorach faoi leith maidir le tairiscint a dhéanamh i leith eastát faoi Chatagóirí 1,2,3 agus 4**

Tá réimse réiteach aitheanta do na Catagóirí éagsúla 1 go dtí 4, tríd an gcéim NTICI le comhoibriú idir an Roinn, Uisce Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus na húdaráis áitiúla.

Mar atá ráite cheana féin, is é an réiteach is fearr do na heastáit oidhreachta DPI ná, más féidir, líonra seirbhísí uisce an eastáit a cheangal leis an líonra seirbhísí uisce poiblí agus an DPI a dhíchoimisiúnú. Bainfidh sé seo le Catagóir 1 agus i gcúinsí áirithe le Catagóirí 2,3, agus 4 más féidir iad a cheangal leis an líonra seirbhísí uisce poiblí. Déanfar cinneadh maidir le hinmharthanacht bunaithe ar chritéir eacnamaíoch, chomhshaoil agus theicniúil ar bhonn saolré iomlán.

Ba chóir sineirgí teicniúla agus eacnamaíoch a mheas chun réiteach a fháil ar an DPI in eastáit Catagóirí 2,3 agus 4 bunaithe ar iad a cheangal go dtí an líonra seirbhísí uisce poiblí, e.g. grúpa den saghas sin eastáit a mheas le chéile (más ann dó i lonnaíocht), in éineacht leis an lonnaíocht féin srl.

Nuair a mheastar, as cúiseanna teicniúla agus eacnamaíocha, nach n-éireoidh leis an DPI oidhreachta in eastáit Catagóirí 2,3 nó 4 á réiteach trí iad a cheangal leis an líonra seirbhísí uisce poiblí, d'fhéadfadh sé nach mbeidh de rogha ach straitéis eile a úsáid ina ndéantar iad a uasghrádú, nó stáisiún cóireála aonair nua a fhorbairt.

An cur chuige atá le húsáid i dtaca leis an straitéis mhalartach seo chun DPI oidhreachta in eastáit Catagóirí 2,3 nó 4 á réiteach, go háirithe nuair atá níos mó ná eastáit DPI amháin i lonnaíocht, ná scrúdú a dhéanamh ar inmhartanacht réitigh aonair don lonnaíocht a réiteoidh na heastáit oidhreachta DPI go léir.

Ar deireadh, bunófar an straitéis mhalartach ar scrúdú a dhéantar ar chritéir eacnamaíoch, chomhshaoil agus theicniúil a mheasfar ar bhonn saolré iomlán. Beidh sé riachtanach céimniú a mheas chun freastal ar fhorbairt na lonnaíochta sa todcháil. Beidh sé riachtanach aon togra le haghaidh réitigh aonair a dhéanamh i gcomhairle le hUisce Éireann, mar má dhéantar forbairt air, beidh gá le hUisce Éireann é a thógáil i gcúram nuair a bheidh sé críochnaithe.

Tá tuilleadh sonraí thíos maidir leis an gcur chuige ar chóir d'údarás áitiúla a thógáil sa phróiseas tairisceana faoi gach Catagóir agus Fo-Chatagóir d'eastáit oidhreachta DPI.

### ***Catagóir 1 – Eastáit i mbailte sa chás gur féidir nasc a dhéanamh leis an líonra fuíolluisce poiblí***

Is féidir Catagóir 1 a bhriseadh síos i dtrí fhochatagóir (féach an tuarascáil NTICI le haghaidh tuilleadh mionsonraí).

- **Fochatagóir 1A - Sub-category 1A** - acmhainn **dhóthanach** faoi láthair agus **comhlíonann sé** an t-údarú maidir le sceitheadh fuíolluisce,
- **Fochatagóir 1B** – acmhainn **neamhdhóthanach** le haghaidh nasc ach **áirítear é** sa Phlean reatha de chuid Uisce Éireann um Infheistíocht Chaipitil, (Capital Investment Plan CIP),
- **Fochatagóir 1C** – acmhainn **neamhdhóthanach** agus **ní áirítear é** sa CIP reatha de chuid Uisce Éireann.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gur sonraí thar am i leith iad na sonraí seo, atá de shíor ag coigeartú agus a bhfuil gá iad a nuashonrú.

Sa chás go bhfuil an t-údarás áitiúil ag déanamh tairisceana faoi Fochatagóir 1A nó 1B, ba chóir dóibh chun críche tairisceana, a fhíorú go bhfuil dóthain acmhainne ar fáil faoi láthair sa chóras seirbhísí uisce poiblí agus go gcomhlíonann sé an t-údarú maidir le sceitheadh fuíolluisce atá aige. Ní gá, ag céim na tairisceana, fiosrúchán réamhcheangail foirmeálta a dhéanamh le hUisce Éireann.

#### ***Eastáit i bhFochatagóir 1A***

Is féidir le húdaráis áitiúla tairiscintí do chistiú a chur isteach faoin bhfochatagóir seo bunaithe ar cheangal díreach nó indéach le líonra Uisce Éireann sa chás:

- Go bhfuil dóthain acmhainne in infreastruchtúr Uisce Éireann chun freastal ar an gceangal ón eastát DPI, agus
- Go gcomhlíonann infreastruchtúr Uisce Éireann an t-údarú maidir le sceitheadh fuíolluisce.

Sampla de cheangal indéach ná eastát oidhreachta DPI a réiteach ar an mbealach is praiticúla, is cost-éifeachtúla agus is inmharthana go fadtéarmach trí é a cheangail le hUisce Éireann via e.g. eastát DPI eile, eastát nach eastát DPI é, eastát atá á thógáil nó ag dul i bun tógála etc. Sa chás seo, bheadh sé riachtanach na heastáit go léir a chun chun cinn ag an am céana chun go mbeadh siad ar an gcaighdeán is gá chun iad a thógáil i gcúram.

Tugann an Roinn tús áite d'eastáit oidhreachta DPI i gCatagóir 1A chun críche tairisceana faoin tsraith chistithe den chlár 2019-2021.

### ***Eastáit i bhFochatagóir 1B***

Is féidir le húdaráis áitiúla tairiscintí do chistiú a chur isteach faoin bhfochatagóir seo bunaithe ar cheangal díreach nó indíreach le líonra Uisce Éireann sa chás:

- Nach bhfuil dóthain acmhainne le haghaidh nasc ach áirítear é sa Phlean reatha de chuid Uisce Éireann um Infheistíocht Chaipitil, (Capital Investment Plan CIP),

Braitheann na tairiscintí faoin bhfochatagóir seo ar an infreastruchtúr ábhartha de chuid Uisce Éireann a bheith críochnaithe nó beagnach críochnaithe laistigh de sraith chistithe an chlár 2019-2021.

Leis an gcur chuige seo, beifear ábalta an obair réitigh den ffochatagóir DPI seo a rith i gcomhthráth leis an obair uasghrádaithe/forbartha a bheadh ar siúl ag Uisce Éireann tríd:

- an obair is gá chun an eastát DPI a cheangal, an obair sin a bheith pleanáilte agus más féidir críochnaithe laistigh den chlár reatha, i.e. sraith chistithe 2019-2021 (nó go luath i sraith chistithe an chéad chlár chistithe ilbhlaithí eile), agus ag an am céanna
- Leanfaidh Uisce Éireann le huasghrádú/forbairt a dhéanamh ar a chuid infreastruchtúr.

Tugann an Roinn tús áite d'eastáit oidhreachta DPI i gCatagóir 1B, faoi réir na srianta thuas, chun críche tairisceana faoin tsraith chistithe den chlár 2019-2021.

### ***Eastáit i bhFochatagóir 1C***

Níl dóthain acmhainne cóireála ag na scéimeanna eagsúla de chuid Uisce Éireann, lena gceanglófar an ffochatagóir d'eastát oidhreachta DPI seo ar deireadh, agus ní áirítear iad sa CIP reatha de chuid Uisce Éireann.

Ní dócha go mbeifear ábalta formhór na n-eastát oidhreachta DPI faoin bhfochatagóir seo a cheangal le hUisce Éireann go ceann tamaill. Tá cumhachtaí, áfach, ag na húdaráis áitiúla, mar údarás pleanála agus mar údarás seirbhísí uisce, faoin reachtaíocht pleanála, rialtais áitiúil agus truailithe uisce, agus is féidir leo na cumhachtaí seo a úsáid, más cuí agus más gá, sna cúinsí seo.



Beidh sé faoin údarás áilitúil cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige is fearr bunaithe ar na cúinsí faoi leith atá i gceist.

Lena chois sin, tá oibreacha cóireála fuíolluisce de chuid Uisce Éireann, i roinnt cásanna i gCatagóir 1C gar don leibhéal lánacmhainne nó níl siad ach beagán os a chionn. Do roinnt eastáit oidhreachta DPI i gCatagóir 1C sna suíomhanna seo, ag cur san áireamh an riachtanas atá ann freastal ar an tsláinte phoiblí agus torthaí timpeallachta feabhsaithe, d'fhéadfadh sé gurb í an réiteach is fearr iad a cheangal le hUisce Éireann, go háirithe má tá sé pleanáilte go ndéanfar infreastruchtúr Uisce Éireann a uasghrádú sa mheántéarma. Ba chóir d'údaráis áitiúla aird a thabhairt air seo nuair atá tairiscint(i) á dhéanamh acu chun na heastáit oidhreachta DPI a réiteach. Ba chóir d'údaráis áitiúla aird a tharraingt ar tairiscintí den chineál sin agus sonraí tacaíochta a sholáthar mar chuid dá dtairiscintí.

Is féidir le húdaráis áitiúla tairiscintí a chur isteach, le fianaise thacaíochta, le haghaidh eastáit oidhreachta DPI má mheasann siad go mbaineann na riachtanais eisceachtúla maidir le sláinte phoiblí agus leis an timpeallachtata leagtha amach thuas le hábhar

### ***Catagóir 2 – Eastáit le os cionn 50 aonad cónaithe nó os a chionn lonnaithe i mbailte agus i sráidbhailte measartha móra lasmuigh den líonra fuíolluisce poiblí***

Is dócha go mbeidh an réiteach don líon measartha beag d'aonad faoin gcatagóir seo cosúil leis an réiteach atá leagtha amach do Chatagóir 1, cé go bhféadfadh sé tarlú i roinnt cásanna go mbeadh réiteach atá leagtha amach thíos do Chatagóir 3 oiriúnach.

### ***Catagóir 3: Eastáit le níos lú na 50 aonad cónaithe i lonnaíochtaí tuaithe beaga lasmuigh den líonra fuíolluisce poiblí***

Sa tuarascáil NTICI (Mír 3), pléitear an dúshlán áirithe seo, córais chóireála i gCatagóir 3 DPI a réiteach, a oibriú agus a chothabháil sa todchaí, agus tugtar roinnt treorach ina leith.

Don Chatagóir seo d'eastáit oidhreachta DPI, ag cur san áireamh an mhéid agus chomh fada amach is atá siad ó líonra Uisce Éireann, is dócha go réiteofar iad:

- Trí iad a uasghrádú ar an láthair nó iad a athfhorbairt, más gá, i láithreán níos oiriúnaí mar oibreacha cóireála fuíolluisce aonair, nó
- Sruthanna agus ualaí a aistriú, más féidir, go dtí líonra/oibreacha cóireála fuíolluisce poiblí, ag a bhfuil acmhainn chúltaca, i mbaile/sráidbhaile cóngarach

Is dócha nach dtiocfaidh an ceann deireannach seo chun cinn ach amháin sa chás go bhfuil roinnt eastát oidhreachta DPI (d'fhéadfadh sé go mbeidh eastáit i gCatagóir 4 san áireamh) i lonnaíocht nach bhfuil córas cóireála agus bailiúcháin fuíolluisce acu faoi láthair, i.e. nuair is féidir iad a aistriú – go heacnamaíoch agus go teicniúil – de bharr na gcainíochtaí atá i gceist maidir le sruthanna agus le hualaí.

Meastar gurb í an réiteach is fearr, sa chás go bhfuil roinnt eastát oidhreachta DPI (d'fhéadfadh sé go mbeidh eastáit i gCatagóir 4 san áireamh) i lonnaíocht, ná go reiteofaí ar bhealach iad ina mbeifí ábalta forbairt a dhéanamh orthu sa todchaí chun freastal ar thuilleadh forbartha inmharthanaí do phobal na lonnaíochta i gcoitinne, de réir phlean forbartha ábhartha an chontae agus/nó an cheantair áitiúil. Bheifí ag súil go mbeifear ábalta iad a aistriú chun iad a fheidhmiú agus a bhainistiú, tar éis iad a réiteach, i.e. go dtógfadh Uisce Éireann i gcúram iad.

Is dócha go mbeidh gá le planáil agus le hinfheistíocht shuntasach chun go mbeidh réiteach inmharthana ann a thugann luach ar airgead don chatagóir seo d'eastáit oidhreachta DPI má tá roinnt eastát – Catagóir 3 nó 4 – i lonnaíocht. Dá réir sin, beidh an chéad bhabhta infheistíochta faoin gCatagóir seo i bhfoirm líon beag de **thionscadail taispeána** a roghnófar go cúramach. Trí úsáid a bhaint as tionscadail taispeána, beidh an deis ann cur chuige agus prótacail oiriúnacha a fhorbairt go fadtéarmach, agus beidh siad mar thaca don réiteach agus don chistiú amach anseo.

Leagfaidh an Roinn síos uaslíon na dtionscadal taispeána a mheasfar le haghaidh cistithe go náisiúnta don chatagóir seo d'eastáit oidhreachta DPI faoin sraith chistithe reatha, i gcomhairliúchán leis an bPainéal, nuair a bheidh na tairiscintí curtha isteach. Ansin déanfaidh an Painéal imscrúdú ar na tairiscintí le haghaidh tionscadal taispeána, agus cuirfidh sé moltaí faoi bhráid na Roinne maidir le líon beag de thionscadail taispeána a bheadh oiriúnach chun cistiú a fháil sa tsraith chistithe reatha.

Is féidir le údaráis áitiúla tairiscintí do thionscadail taispeána a chur isteach faoin gcatagóir seo d'eastáit oidhreachta DPI trí chur chuige dhá chéime a thógáil mar seo a leanas:

- **Céim 1 – Staidéar Indéantachta:** Déanfar tairiscintí a mheas le haghaidh cistithe i gcomhair tuarascála indéantachta a rachaidh i ngleic leis na critéir indéantachta atá leagtha amach thíos,
- **Céim 2 – Oibreacha a chur i bhfeidhm:** Déanfar tairiscintí a mheas le haghaidh cistithe chun oibreacha a chur i bhfeidhm bunaithe ar Thuarascáil Indéantachta Céim 1.

Ba chóir go mbeadh na tairiscintí le haghaidh cistithe i leith Céim 1 – Staidéar Indéantachta - bunaithe ar thuarascáil a dhéanamh, a chomhlíonfaidh na critéir a leanas:

- imscrúdú a dhéanamh ar na saincheistanna a bhaineann leis an mbailiúchán agus an chóireáil reatha fuíolluisce i ngach eastáit oidhreachta DPI sa lonnaíocht bunaithe ar shaincheistanna pleanála, eacnamaíoch, comhshaoil agus teicniúil,
- áiríonn sé an bailiúchán agus an chóireáil reatha fuíolluisce i lár an bhaile, i.e. bunaithe ar shaincheistanna pleanála, eacnamaíoch, comhshaoil agus teicniúil,
- áiríonn sé roghanna bailiúcháin, cóireála agus sceite bunaithe ar an líonra bailiúcháin a fhorbairt (i.e. forbairt chéimniúil a éascú don lonnaíocht) agus oibreacha cóireála fuíolluisce aonair nó más féidir, sruthanna agus ualáí a aistriú go dtí líonra/oibreacha cóireála fuíolluisce poiblí atá ann cheana féin chun críche cóireála,
- leagann sí amach gach saincheist ábhartha, soláthraíonn sí conclúidí, moltaí agus costmheastacháin (thar saolré iomlán) don réiteach a mheastar gurb é an ceann is inmharthanaí agus is cost-éifeachtúla do seirbhísí uisce sna heastáit oidhreacha DPI, agus riachtanais an bhaile curtha san áireamh freisin.

Táthar ag súil go rachaidh na tionscadail taispeána chun cinn mar seo a leanas:

- Déan Céim 1 – Staidéar Indéantachta chun oiriúnacht a dheimhniú mar thionscadal taispeána – beidh sé seo mar chuid den chéad tráinse den chistiú in 2019,
- Dul ar aghaidh go dtí Céim 2 – Oibreacha a chur i bhFeidhm mar thionscadal taispeána má mheastar go bhfuil sé indéanta, oiriúnach agus faofa bunaithe ar Chéim 1 – Staidéar Indéantachta - beidh sé seo mar chuid den dara tráinse den chistiú ar dócha go dtarlóidh sé in 2020 agus/nó 2021.

Is dócha gur lonnaíochtaí ina bhfuil roinnt eastát oidhreachta DPI i gCatagóirí 3 agus 4 a bheidh sna tairiscintí do thionscadail taispeána a n-éireoidh leo chun Céim 1 - Staidéar Indéantachta a dhéanamh.

Ní rachaidh tionscadal taispeána ar aghaidh go dtí Céim 2 – cistú chun Oibreacha a chur i bhfeidhm go dtí go mbeidh Céim 1 - Staidéar Indéantachta críochnaithe, curtha faoi bhráid na Roinne, scrúdaithe ag an bPainéal agus más amhlaidh go molann siadsan é, measta agus faofa chun an ghné DPI de na oibreacha molta a chistiú.

Ní thabharfar cistiú ach amháin do roghanna bailiúcháin agus cóireála fuíolluisce faoi Céim 2 – Oibreacha a chur i bhfeidhm - atá inmharthana, ar féidir iad a aistriú go dtí Uisce Éireann, a bheidh freagrach as iad a oibriú agus a chothabháil.

Déanfar tairiscintí ar Chéim 2 - Oibreacha a chur i bhfeidhm – a mheas i gcomhair cistithe sa chás go bhfuil staidéar indéantachta oiriúnach críochnaithe cheana féin ag na húdaráis áitiúla, a chomhlíonann na critéir leagtha amach thuas do Chéim 1. Má dhéantar é seo, ba chóir an staidéar indéantachta a chur isteach mar cháipéis thacaíochta le haghaidh tairiscint Céim 2 - Oibreacha a chur i bhfeidhm.

Ag cur san áireamh nach mór an éifeacht ar an bpobal agus/nó ar an timpeallacht uisce a bheidh ag na córais cóireála beaga sa chatagóir seo d'eastáit oidhreachta DPI, agus an gá atá ann tuilleadh a fhoghlaim faoin gcatagóir seo, tá údaráis áitiúla teoranta, do dhá thairiscint ar a mhéad a dhéanamh ar thionscadail taispeána sa chatagóir seo d'eastáit oidhreachta DPI.

***Catagóir 4 - Eastáit le níos lú ná cúig aonad cónaithe i mbaile fearainn tuaithe nó i gcúlchríoch a bhraitheann ar chórais chóireála uisce beaga***

Sa tuarascáil NTICI (Mír 3), pléitear an dúshlán réitigh áirithe seo, córais chóireála i gCatagóir 4 DPI a réiteach, a oibriú agus a chothabháil sa todchaí, agus tugtar roinnt treorach maidir le saincheistean a bhaineann leo.

Ag cur san áireamh nach mór an éifeacht ar an bpobal agus/nó ar an timpeallacht uisce a bheidh ag na córais cóireála beaga sa chatagóir seo d'eastáit oidhreachta DPI, níltear ag iarraidh ar údaráis áitiúla tairiscint a dhéanamh ina leith faoin tsraith chistithe reatha ach amháin sa chás go dtagann siad aníos i lonnaitheáil ina bhfuil eastáit oidhreachta DPI Catagóir 3 iontu.

**Sa choirclán tairisceana tá na teimpléid agus na riachtanais chistithe is gá chun tairiscintí údaráis áitiúla a leagan amach.**